Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Nollaig 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0113(COD)**

**13531/1/21**
**REV 1 ADD 1**

**TRANS 648**
**CODEC 1415**
**PARLNAT 237**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE a ghlacadh lena leasaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 20 Nollaig 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún Eorpach an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 1 Meitheamh 2017 mar chuid den Chéad Phacáiste Soghluaisteachta.

2. Leis an togra seo, modhnaítear Treoir 2006/1/CE maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar[1], agus é mar aidhm leis sin rochtain ar an margadh d'fheithiclí fruilithe le haghaidh earraí a leathnú agus castacht na rialacha a laghdú.

3. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa, le linn a 8ú téarma, an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar choiste freagrach. Cheap Coiste TRAN Cláudia Monteiro de Aguiar (PPE, PT) mar rapóirtéir, agus chaith sé vóta ar an tuarascáil uaithi an 24 Bealtaine 2018. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh, ina raibh 15 leasú, an 15 Eanáir 2019[2].

4. Le linn an 9ú téarma, dheimhnigh Coiste TRAN an rapóirtéir agus, an 24 Meán Fómhair 2019, chinn sé dul i mbun cruinnithe tríthaobhacha polaitiúla neamhfhoirmiúla, bunaithe ar an seasamh ar an gcéad léamh.

5. Ag an gComhairle, chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre an 1 Meitheamh 2017. An 13 Meitheamh 2017, rinne an Mheitheal anailís ar an measúnú tionchair. D'admhaigh na toscaireachtaí an tionchar dearfach a bhfuiltear ag súil leis ar dhul i bhfód feithiclí fruilithe ar an margadh, ach chuir roinnt toscaireachtaí chun suntais go raibh gá le hanailís bhreise ar na héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Bhain na hábhair imní sin le creimeadh cánach féideartha agus inrialaitheacht maidir leis na srianta atá fágtha ar fheithiclí fruilithe a chur i gcúrsaíocht agus maidir le hoibríochtaí cabatáiste. Ní dheachaigh an argóint gur fearr go cinnte an tionchar ar an timpeallacht a bheadh ag margadh na bhfeithiclí fruilithe a bheith níos éifeachtúla i bhfeidhm ar chuid de na toscaireachtaí.

6. Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) maidir leis an togra den chéad uair an 5 Nollaig 2017, bunaithe ar thuarascáil ar dhul chun cinn[3].

---

[1] IO L 33, 4.2.2006, lch. 82.
[2] Féach 5386/19.
[3] Féach 14841/17.

7. Tar éis obair bhreise a dhéanamh ar leibhéil éagsúla idir 2018 agus 2021, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta an 3 Meitheamh 2021[4].

8. Idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair 2021, rinneadh caibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus, mar éascaitheoir, an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an togra. An 26 Deireadh Fómhair 2021, tháinig na hidirbheartaithe ar chomhaontú sealadach maidir le téacs comhréitigh, a ndearnadh anailís air agus ar fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe ina dhiaidh sin é an 12 Samhain 2021[5].

9. Agus í i mbun a cuid oibre, chuir an Chomhairle tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 6 Nollaig 2017 agus tuairim Choiste na Réigiún an 1 Feabhra 2018 san áireamh.

10. I bhfianaise an chomhaontaithe shealadaigh idir na comhreachtóirí agus tar éis athbhreithniú dlí agus teanga a bheith déanta, ghlac an Chomhairle a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra an 20 Nollaig 2021.

## II. CUSPÓIR

11. Le Treoir 2006/1/CE, códaítear rialacha a bhí ann roimhe seo agus déantar foráil do leibhéal íosta oscailte margaidh maidir le húsáid feithiclí arna bhfruiliú gan tiománaithe chun earraí a iompar de bhóthar idir na Ballstáit, i gcás gnóthais atá bunaithe ar chríocha an Bhallstáit sin mar aon le gnóthais atá bunaithe i mBallstát eile. Sa Treoir áfach, aithnítear na nithe seo a leanas:

– an úsáid a bhaintear as feithiclí arna bhfruiliú ag gnóthais atá bunaithe ar chríocha Ballstáit, ceadaítear don Bhallstát an úsáid sin a theorannú do na feithiclí sin atá cláraithe sa Bhallstát sin agus, ina theannta sin, an úsáid a bhaintear as feithiclí arna bhfruiliú ag a bhfuil mais iomlán ualaithe incheadaithe is mó ná sé thona faoi chomhair oibríochtaí ar a gcuntas féin, ceadaítear don Bhallstát an úsáid sin a thoirmeasc;

– tá an treoir teoranta, i gcás gnóthais atá bunaithe i mBallstát eile, d'fheithiclí a fhruiliú atá cláraithe sa Bhallstát céanna sin ar mhaithe le trácht idir na Ballstáit.

---

[4] 9398/21.
[5] 13377/21.

12. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Treoir 2006/1/CE a leasú chun, go príomha, na srianta atá ann i láthair na huaire a bhaint agus chun creat aonfhoirmeach soiléir rialála a bhunú a thabharfaidh rochtain chomhionann ar mhargadh na bhfeithiclí fruilithe d'oibreoirí iompair ar fud an Aontais.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A. Nóta ginearálta

13. Bunaithe ar an togra ón gCoimisiún, rinne an Pharlaimint agus an Chomhairle caibidlíocht agus é mar aidhm acu teacht ar chomhaontú ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh. Is léiriú iomlán é téacs an dréachtseasaimh ón gComhairle ar an gcomhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir.

14. Bhí seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh i gcomhthráth le tuairim an tromlaigh i bplé na Comhairle ag an tráth sin, ar dá réir a bhí gá le hiarrachtaí breise reachtacha chun na forálacha rialaithe a atreisiú, agus chun coimircí a chur i bhfeidhm chun cosc a chur ar léirscaoileadh margaidh a bheith á n-úsáid go príomha chun cánacha náisiúnta feithiclí a sheachaint. Le cur chuige ginearálta na Comhairle, a comhaontaíodh níos mó ná dhá bhliain tar éis an tseasaimh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, dearbhaíodh an measúnú comhthreomhar sin, agus léirítear sa bhreis air sin, maidir le forálacha rialaithe, gur tugadh chun críche na tionscnaimh reachtacha eile maidir le hoscailt an mhargaidh sa Chéad Phacáiste Soghluaisteachta.

15. Tá na príomhghnéithe a leanas sa chomhaontú a léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh:

**a) Idirdhealú idir rochtain cuideachtaí coigríche ar mhargadh na bhfeithiclí fruilithe agus rochtain a bheith ag cuideachtaí dá gcuid féin**

16. Tugann an Treoir atá ann faoi láthair agus an togra ón gCoimisiún an ceart céanna go bunúsach chun feithiclí a fhruiliú do chuideachtaí atá bunaithe i gcás ina ndéanann an Ballstát an rialáil (Airteagal 3) maidir le cuideachtaí atá bunaithe i mBallstát eile seachas an ceann atá i mbun rialála (Airteagal 2). Mar sin féin, bhí an Pharlaimint (leasuithe 3, 4 agus 9) agus an Chomhairle araon i bhfabhar difreáil a dhéanamh idir na cásanna sin. I gcás ina bhfuil an chuideachta bunaithe i mBallstát eile agus ina bhfuil an fheithicil fruilithe cláraithe go cuí in aon Bhallstát, níor cheart do Bhallstát rochtain ar an margadh a shrianadh i gcás nach bhfuil an chuideachta bunaithe sa Bhallstát sin. Ba cheart é sin a bheith ina thúsphointe freisin do chuideachta atá bunaithe sa Bhallstát; Mar sin féin, chun úsáid a bhaint as feithiclí atá cláraithe i mBallstát eile, ba cheart na bearta coimirce áirithe a bheith ar fáil don Bhallstát bunaíochta, lena gceadaítear srian.

**b) Deiseanna chun rochtain ar fheithiclí fruilithe a shrianadh do chuideachtaí atá bunaithe sa Bhallstát**

17. Agus an comhaontú sin maidir le hidirdhealú idir na cásanna á gcur san áireamh, díríodh sa chaibidlíocht ar raon feidhme na gcosaintí chun srian a chur le rochtain ar fheithiclí fruilithe chun saobhadh fioscach a sheachaint (leasuithe 4 agus 11 ón bParlaimint; Cur chuige ginearálta ón gComhairle in Airteagal 3(2) den Treoir leasaithe).

18. Chun teacht ar chomhréiteach maidir leis an rogha teorainn a chur le fad an chonartha fruilithe i gcás feithicle atá cláraithe i mBallstát eile, tháinig seasaimh na n-institiúidí i gcomhréir le chéile. Ráthaítear leis an gcomhréiteach go bhféadfar i gcónaí dhá mhí as a chéile ar a laghad i mbliain féilire a chumhdach leis an gconradh fruilithe maidir le bearta a dhéanfaidh Ballstát. Tá rogha ann a cheangal nach mairfidh conradh níos faide ná 30 lá má leanann an ceanglas sin ó rialacha cláraithe feithiclí na mBallstát.

19. I gcás na rogha teorainn a chur le sciar na bhfeithiclí atá cláraithe i mBallstát eile i gcoibhneas leis an bhflít intíre atá ag gabháil d’iompar de bhóthar, bhí an dá institiúid i bhfabhar sciar íosta ráthaithe 25 % a bheith ann. Leis an téacs a comhaontaíodh, cuirtear mionsonraí teicniúla leis an leasú ón bParlaimint.

20. Ar deireadh, b'éigean teacht ar réiteach maidir le srianta roghnacha ar úsáid feithiclí fruilithe in oibríochtaí iompair féinchuntais (leasuithe 28 agus 34 ón bParlaimint; Cur chuige ginearálta ón gComhairle in Airteagal 3(2)(c) den Treoir leasaithe). Bhí seasamh na Parlaiminte níos leithne sa mhéid is go mbeadh feidhm ag an srian freisin i gcás feithiclí atá cláraithe sa Bhallstát ina bhfuil an chuideachta cláraithe; agus bhí seasamh na Comhairle níos leithne sa chiall nach ndearnadh idirdhealú ann de réir mheáchan na feithicle. Bhí an Coimisiún sásta glacadh le coimirce i gcomhréir le loighic na gcoimircí eile, ach d'áitigh sé go scoirfí de riail lenar ceadaíodh oibríochtaí féinchuntais a dhíolmhú ar bhealach ginearálta. Ar deireadh, ghlac an Pharlaimint leis an seasamh ón gComhairle ina leith sin.

**c) Faireachán agus rialú**

21. Agus é á chur san áireamh nach dtugtar, leis na rialacha atá ann faoi láthair, aon saoirse chun feithicil a fhruiliú nach bhfuil cláraithe sa Bhallstát ina bhfuil an chuideachta bunaithe, bhí an cheist maidir le faireachán agus rialú a dhéanamh ar úsáid feithiclí fruilithe, go háirithe i gcomhthéacs na srianta margaidh atá ann cheana maidir le hoibríochtaí cabatáiste[6], an-tábhachtach don chomhréiteach.

22. Bhí creat daingean rialaithe (leasuithe 5 agus 12) sa seasamh ón bParlaimint, creat a bhí éagsúil leis an seasamh ón gComhairle, go príomha trí úsáid a bhaint as bealaí comhair idir na Ballstáit. Is éard a bhí sa chomhréiteach an sásra comhair a ailíniú, ar bhealach níos tuairisciúla ná mar atá sa seasamh ón gComhairle, leis na rialacha comhair i Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009, a ndearnadh nuachóiriú air leis an gCéad Phacáiste Soghluaisteachta. Chun ualach riaracháin díréireach a sheachaint, ghlac an Pharlaimint leis nach gá fógra a thabhairt maidir le faisnéis faoi fheithiclí fruilithe gach uair a fhruilítear feithicil, fad is atá an fhaisnéis sin ar fáil agus inrochtana sa Bhallstát a dhéanann rialuithe le linn seiceálacha cois bóthair (Airteagail nua 3a agus 5b).

6 Féach Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009.

**d) Trasuí agus meastóireacht beartais**

23. Foráiltear leis an gcomhréiteach do spriocdháta trasuímh (Airteagal 2 den Treoir leasaitheach), a bheidh gar do chur chun feidhme forálacha nua rialaithe sa Chéad Phacáiste Soghluaisteachta, a bhfuiltear ag súil go gcuirfear chun feidhme é faoi mhí Lúnasa 2023.

24. Rinneadh oibleagáid tuairiscithe an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme agus éifeachtaí na Treorach (leasuithe 7 agus 13 ón bParlaimint, Airteagal 5a nua den Treoir leasaithe) a athbhreithniú trí na seasaimh ó thaobh amlíne agus ábhair ionchais na tuarascála a chóineasú.

**B. Gnéithe eile den seasamh ón gComhairle**

25. Ghlac an Chomhairle le leasuithe athchóirithe ón bParlaimint (aithrisí 2 agus 4, ó leasuithe 1 agus 6 ón bParlaimint). Cuireadh na gnéithe eile seo a leanas, a chuir an Chomhairle leis an togra ón gCoimisiún, isteach i dtéacs deiridh an tseasaimh ón gComhairle:

- tagraíonn aithris (aithris 8) agus codanna gaolmhara d'Airteagal 3(2) do mhodhanna rialaithe i gcás inar chuir Ballstát srian le fad conartha fruilithe a ghlac cuideachtaí atá bunaithe ar a chríoch;

- I gcomhréir le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a ritheadh le déanaí[7], ní mór do na Ballstáit glacadh le cur i láthair i bhfoirm leictreonach doiciméad nach mór don tiománaí a choinneáil ar bord (aithris 6, Airteagal 2(2) den Treoir leasaithe).

[7] Féach, cuir i gcás, Airteagal 8(4a) de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009 agus Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 2020/1056.

## IV. CONCLÚID

26. Cuireann an seasamh ón gComhairle i dtreis príomhchuspóirí an togra ón gCoimisiún Eorpach agus déantar an comhréiteach ar thángthas air sa chaibidlíocht neamhfhoirmiúil idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, a léiriú go hiomlán leis.

27. Dearbhaíodh an comhréiteach sin i litir ó Chathaoirleach Choiste TRAN Pharlaimint na hEorpa chuig an Uachtaránacht, dar dáta an 16 Samhain 2021; ghlac an Chomhairle (Comhshaol) ina dhiaidh sin é an 20 Nollaig 2021 mar sheasamh ar an gcéad léamh.